# Club Óige Áitiúil Scéim Deontais 2021

ina gcuimsítear

# Na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Grúpaí Óige

EOLAS AGUS NÓTA FAISNÉISE

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Feabhra 2021

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth
National Lottery
AN STRAITÉIS NÁISIÚNTA ÓIGE 2015–2020
TORTHAÍ NÍOS FEARR TODHCHAÍ NÍOS GILE
NATIONAL YOUTH STRATEGY 2015–2020
BETTER OUTCOMES BRIGHTER FUTURES

# An Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla 2021 **ina gcuimsítear** na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha

## Nóta Faisnéise agus Treorach chun an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla ina gcuimsítear Foirm Iarratais na gCaighdeán Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha a chomhlánú

**Soláthraítear i gCuid A den cháipéis seo tús eolais maidir leis an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla (an SDCÓÁ) ina gcuimsítear na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha (na CCNGÓFSGÓanna).**

**Sonraítear in Cuid B sonraí faoi cé atá incháilithe iarratas a dhéanamh, an próiseas iarratais, na critéir le haghaidh measúnú a dhéanamh ar iarratais, agus riachtanais chuntasaíochta agus tuairiscithe.**

**Soláthraítear in Cuid C nótaí treorach faoi conas an Fhoirm Iarratais a chomhlánú.**

**NÓTA:**
*Féadfaidh an Fhoirm Iarratais agus an fhaisnéis athrú gach bliain, mar sin, cinntigh, le do thoil, go n-úsáidtear an cháipéisíocht cheart don bhliain reatha sna próisis iarratais, mheasúnaithe agus tuairiscithe.*

## Cuid A

### Tús eolais leis an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla ina gcuimsítear na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha:

Tacaíonn an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla (an SDCÓÁ nó 'an Scéim') le gníomhaíochtaí club/grúpa óige faoi stiúir oibrithe deonacha ar leibhéal áitiúil. Tá an Scéim, a sholáthraíonn cúnamh deontais i dtreo na gcostas a bhíonn ar chlubanna/ghrúpaí a reáchtáil, cistithe go páirteach ag fáltais Chrannchuir Náisiúnta. Soláthraíonn an Roinn Leanaí Comhionannais, Lánpháirtíochta agus Óige (an RLCMLÓ) cistiú don Scéim agus riarann Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) mar chomhdheontóir an scéim thar ceann an RLCMLÓ. Fógraíonn BOOanna an Scéim go háitiúil ar bhonn bliantúil, agus tugtar cuntas ar chuspóir an deontais agus ar na critéir cháilitheachta.

Tacaíonn an Scéim le gníomhaíochtaí club/grúpa do dhaoine óga; tugtar tús áite do chlubanna/ghrúpaí a fhreastalaíonn ar dhaoine óga idir 10 agus 21 bliain d'aois. Is é príomhdhíriú na Scéime chun cabhrú le clubanna/grúpaí óige áitiúla faoi stiúir oibrithe deonacha a sholáthraíonn clár gníomhaíochtaí oibre don ógra do dhaoine óga. Anuas air sin, bíonn clubanna/grúpaí eile a oibríonn le daoine óga, ach nach bhfuil obair don ógra a soláthar acu go sonrach, i dteideal iarratas a dhéanamh ar chistiú faoin Scéim.

In 2017, rinne an RLCMLÓ na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha (na CCNGÓFSGÓanna) a chuimsiú sa Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla (an SDCÓÁ). Forbraíodh na caighdeáin cháilíochta náisiúnta seo chun tacú le agus barr feabhais a chur ar obair dheonach le daoine óga. Is iad na trí Chaighdeán Cáilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha:

1. **Caighdeán 1: Sábháilteacht agus folláine** – Déanann cláir, cleachtais agus daoine sábháilteacht, tacaíocht agus folláine daoine óga a chinntiú agus a chur chun cinn.
2. **Caighdeán 2: Dírithe ar dhaoine óga** – Déanann cláir, cleachtais agus daoine rannpháirtíocht dheonach, cuimsiú agus glór daoine óga a chinntiú agus a chur chun cinn.
3. **Caighdeán 3: Forbartha agus oideachasúil** – Déanann cláir, cleachtais agus daoine forbairt, gnóthachtáil agus dul chun cinn daoine óga a chinntiú agus a chur chun cinn.

I gcaitheamh bhliain an chlub/ghrúpa, cuireann oibrithe deonacha gníomhartha chun cinn a bhaineann leis na caighdeáin a chuirfidh feabhas ar reáchtáil an chlub/ghrúpa agus eispéireas daoine óga a fhreastalaíonn ar an gclub/ngrúpa. Sa chás go dteastaíonn tacaíocht ó chlub/ghrúpa chun na Caighdeáin a chur chun cinn, féadfaidh sé é seo a iarraidh ón Eagraíocht Óige Náisiúnta lena bhfuil sé cleamhnaithe. Féadfaidh club/grúpa óige nach bhfuil cleamhnaithe le hEagraíocht Óige Náisiúnta tacaíocht a iarraidh ón BOO áitiúil (féach na sonraí teagmhála in Aguisín 1 d'Fhoirm Iarratais na Scéime Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla).

Ina theannta sin, is é Foirm Iarratais an SDCÓÁ an teimpléad tuairiscithe do **na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha**. Mura mian leat iarratas a dhéanamh ar an deontas, ní gá duit ach Míreanna 1, 2 agus 5 den fhoirm a chomhlánú. Má theastaíonn aon chabhair uait leis na míreanna seo den fhoirm a chomhlánú, déan teagmháil, le do thoil, le d'Eagraíocht Óige Náisiúnta (féach na sonraí a liostaítear in Aguisín 2 den Fhoirm).

## Cuid B

### Critéir do cháilitheacht:

Is é príomhdhíriú na Scéime chun cabhrú le clubanna/grúpaí óige áitiúla faoi stiúir oibrithe deonacha a sholáthraíonn clár gníomhaíochtaí oibre don ógra do dhaoine óga. Anuas air sin, bíonn clubanna/grúpaí eile a oibríonn le daoine óga, ach nach bhfuil obair don ógra á soláthar acu go sonrach, i dteideal iarratas a dhéanamh ar chistiú an SDCÓÁ.

Le bheith incháilithe do chistiú ón **Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla**, caithfidh an club/grúpa na critéir seo a leanas a shásamh:

- ✓ Caithfidh sé a bheith faoi stiúir oibrithe deonacha agus caithfidh sé a bheith bunaithe ar rannpháirtíocht dheonach daoine óga.
- ✓ Caithfidh 75% de chomhaltaí an chlub/ghrúpa a bheith idir aois 10 agus 21 bliain.
- ✓ Caithfidh sé a bheith in ann cuntas soiléir a thabhairt ar na tairbhí a bhaineann le bheith mar bhall den chlub/ghrúpa do dhaoine óga a ghlacann páirt i gcláir.
- ✓ Caithfidh an club/grúpa cloí leis na riachtanais a leagtar amach i Mír 2 den Fhoirm Iarratais.
- ✓ Caithfidh an club/grúpa na ceanglais go léir a leagtar amach san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 a chomhlíonadh go hiomlán.
- ✓ Caithfidh go ndearnadh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar gach oibrí deonach fásta a oibríonn le daoine óga sula dtosaíonn siad le hobair dheonach a dhéanamh.
- ✓ Caithfidh cumhdach cuí árachais a bheith i bhfeidhm.
- ✓ Caithfidh rochtain a bheith ag oibrithe deonacha ar fhearas garchabhrach agus caithfidh gur féidir leo a bheith in ann é a úsáid i gceart.
- ✓ Caithfidh Ráiteas, Beartas nó Nósanna Imeachta Sláinte agus Sábháilteachta a bheith ag an gclub/ngrúpa. (Nóta: baineann seo le clubanna/grúpaí a bhfuil úinéireacht acu ar áitreabh. Caithfidh clubanna/grúpaí nach bhfuil úinéireacht acu ar áitreabh a dheimhniú gur léigh siad agus go n-oibríonn siad agus aird á tabhairt ar Bheartas Sláinte agus Sábháilteachta an fhoirgnimh.)
- ✓ Caithfear faisnéis ar gach gné de thrí Chaighdeán na CCNGÓFSGÓanna a chur san áireamh i bhfreagairt d'Fhoirme Iarratais.
- ✓ Caithfidh clubanna a fuair cistiú na Scéime Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla sa bhliain airgeadais roimhe seo Foirm Thuairiscithe an Chlub a chomhlánú ar leathanach 16, agus í a sheoladh ar ais lena n-iarratas.

**Tabhair faoi deara, le do thoil, níl clubanna/grúpaí a dhíríonn go príomha ar spórt incháilithe chun cistiú a fháil faoi théarmaí na scéime seo.**

**Pointí is ceart a thabhairt faoi deara:**

- Mar gheall go bhfuil an SDCÓÁ in ainm is tacú le grúpaí nach bhfuil cistiú tionscadalbhunaithe á fháil acu (e.g. iad siúd a bhfuil cistiú á fháil acu faoi Spriocscéimeanna cistithe don óige, an SACÓ, SCÓL nó níos déanaí in 2020 faoi UBU D'Áit Do Spás), níl tionscadail faoi stiúir foirne i dteideal iarratas a dhéanamh faoin SDCÓÁ. Tá clubanna/grúpaí faoi stiúir oibrithe deonacha a d'fhéadfaí a chleamhnú do sheirbhísí óige faoi stiúir foirne agus reáchtálann oibrithe deonacha atá i dteideal iarratas a dhéanamh, áfach.
- Ní ghlacfar le hiarratais ó struchtúir áitiúla agus réigiúnacha den eagraíocht chéanna, araon. Mar shampla, ba cheart d'eagraíocht ina bhfuil comhairlí/coistí réigiúnacha agus aonaid/grúpaí áitiúla iarratas a dhéanamh ar an BOO mar aonad áitiúil, nó ba cheart dó struchtúr réigiúnach na heagraíochta a úsáid chun an t-iarratas a phróiseáil.
- Meastar go bhfuil riail i bhfeidhm ina mbronntar deontas amháin ar chlub/ghrúpa amháin. Sa chás go bhfuil breis agus rannóg amháin ag club/grúpa amháin. Mar shampla, Grúpaí nó Clubanna nuair nach bhfuil ach rannóga Sóisearacha agus Sinsearacha i nGrúpaí, ní féidir ach iarratas amháin a dhéanamh do na haoisghrúpaí incháilithe, nuair atá 75% de na baill, ar a laghad, idir aois 10 agus 21 bliain. Beidh ar chlubanna/ghrúpaí comhoibriú go háitiúil chun an próiseas seo a éascú – tabharfaidh d'Oifigeach Óige/Forbartha Réigiúnach de chuid na hEagraíochta Óige Náisiúnta nó Oifigeach Óige/Idirchaidrimh an BOO an tacaíocht riachtanach chun cabhrú leat comhiarratas a ullmhú.
- B'fhéidir go mbeidh Coistí Cluichí Pobail Áitiúla a sholáthraíonn gníomhaíochtaí óige neamhspóirt incháilithe do chistiú ón SDCÓÁ. Caithfidh an tOifigeach Óige/Idirchaidrimh BOO a bheith sásta nach bhfuil cistiú don chuspóir céanna ar fáil/nach bhfuair an Coiste Cluichí Pobail Áitiúil cistiú in áit eile. Déanfaidh Oifigigh Óige/Idirchaidrimh an BOO idirchaidreamh leis an gCoiste/gComhpháirtíocht Spóirt ábhartha.
- Faoi mar a dtugtar le fios thuas, áfach, níl clubanna/grúpaí a dhíríonn go príomha ar spórt incháilithe chun cistiú a fháil faoin SDCÓÁ. Cuirtear tacaíochtaí eile cistithe, mar shampla, eagraíochtaí móra spóirt, an Chomhairle Spóirt, agus comhpháirtíochtaí áitiúla spóirt, ar aird na gclubanna/ngrúpaí siúd.
- Cloífear go docht daingean leis an spriocdháta chun iarratais a fháil ar an SDCÓÁ.

## Sonraí faoin bpróiseas agus riachtanais deontais

Is é an deontas uasta is féidir a bhronnadh ar aon chlub/deontas €3,000 nó ar aon dul le teorainneacha BOO áitiúil.

**Tabhair faoi deara, le do thoil: Tá an club/grúpa áitiúil a dhéanann iarratas ar an BOO ar chistiú freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann sé critéir na Scéime Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla agus na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha atá cuimsithe inti.**

Caithfidh Cathaoirleach agus Cisteoir an chlub/ghrúpa an Dearbhú a shíniú ag deireadh na Foirme Iarratais. Trí shíniú, deimhníonn siad go bhfuil an fhaisnéis go léir a chuimsítear san Fhoirm Iarratais reatha, ar fáil agus cruinn. Tuigeann siad agus comhaontaíonn siad leis go soláthraítear aon deontas a d'fhéadfaí a leithdháileadh ar an gclub/ngrúpa ar bhonn an chomhaontaithe deontais leis an BOO a dhéanann é a riar, faoi mar a leagtar amach ar leathanach 13 agus 14 den Fhoirm Iarratais. Tuigtear agus tugtar toiliú don BOO riartha chun an fhaisnéis a sheiceáil a sholáthraítear san fhoirm iarratais seo, lena n-áirítear teagmháil a dhéanamh leis an Eagraíocht Óige Náisiúnta a shainaithnítear i Mír 1.6 den fhoirm iarratais.

Is iad BOOanna na gníomhaireachtaí riartha don Scéim. Caithfidh an club/grúpa a iarratas a sheoladh go díreach chuig Oifigeach an BOO áitiúil/an tOifigeach Idirchaidrimh. Caithfear an t-iarratas a dhéanamh ar Fhoirm Iarratais an SDCÓÁ agus caithfear a áireamh leis an fhaisnéis ábhartha go léir a theastaíonn. Ní phróiseálfar foirmeacha iarratais neamhiomlána. Ina theannta sin, caithfear Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain airgeadais dheireanach a sheoladh ar aghaidh (trí úsáid a bhaint as an teimpléad san Fhoirm Iarratais, nó comhionannn féin an chlub/ghrúpa má sholáthraítear air an fhaisnéis ábhartha go léir).

Sula ndéanfar aon chinneadh i dtaca le leithdháileadh cúnamh deontais, féadfaidh an BOO soiléiriú ar an bhfaisnéis a soláthraíodh a lorg. Caithfear gach foirm iarratais a chomhlánú agus a sheoladh ar ais faoin dáta deiridh chun iarratais a fháil a fhógraíonn BOOanna. Ní dhéanfar breithniú ar fhoirmeacha iarratais a fhaightear i ndiaidh an spriocdháta faoi aon chúinsí.

## Measúnú ar Iarratais

Déanfaidh Oifigeach Óige/Idirichaidrimh an BOO breithniú ar iarratais bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear san Fhoirm Iarratais agus aird ar líon na n-iarratas a fuarthas agus na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don BOO i dtaca leis an Scéim.

Déanfaidh an BOO measúnú ar iarratais a chomhlíonann na critéir cháilitheachta, agus riachtanais áitiúla, cúinsí agus bearnaí, más ann dóibh, á gcur san áireamh, atá sa soláthar seirbhíse laistigh de limistéar an BOO. Ina dhiaidh seo, leithdháilfidh an BOO an cúnamh deontais.

## Faomhadh agus íocaíocht deontais

Tabharfaidh an BOO fógra do chlubanna/ghrúpaí ar thoradh a n-iarratais ar dheontas. I dtaobh cineáil, deontais aonuaire iad na deontais a sholáthraítear faoin Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla.

Ó Mheán Fómhair 2014 ar aghaidh, ní féidir le comhlachtaí earnála poiblí, an BOO ina measc, íocaíochtaí a dhéanamh trí sheic a thuilleadh. Ní féidir aon deontais faoin Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla a íoc ach trí ríomhaistriú leictreonach (EFT) le cuntas bainc.

## Monatóireacht agus tuairisciú

Caithfidh clubanna/grúpaí a bhfuil cúnamh deontais á fháil acu socrú a dhéanamh do nós imeachta ceart cuntasaíochta don airgead go léir a fhaigheann siad agus caithfidh siad na riachtanais tuairiscithe a leagann an BOO agus Aonad Gnóthaí Óige an RLCMLÓ amach a chomhlíonadh ina leith seo.

Má fuair club/grúpa cistiú don bhliain airgeadais dheireanach, caithfear Foirm Thuairiscithe an Chlub a sholáthraítear leis an bhFoirm Iarratais (féach Leathanach 16) a chomhlánú agus a sheoladh ar ais in éineacht leis an iarratas reatha. Má theipeann orthu an cháipéisíocht seo a sheoladh ar aghaidh, d'fhéadfaí difear a dhéanamh d'iarratais an chlub/ghrúpa amach anseo. Tá an fhaisnéis a sholáthraítear ar Fhoirm Iarratais an SDCÓÁ agus tá Foirm Thuairiscithe an Chlub faoi réir cuairteanna fíoraithe ag an BOO. Tríd an bhfoirm a shíniú, tugtar le fios gur tugadh toiliú do na cuairteanna fíoraithe seo.

Tá iarratasóirí freagrach as a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis go léir a soláthraíodh don BOO cruinn agus seolta ar ais go tráthúil.

## Poiblíocht

Áirítear le leithdháileadh cistí faoin Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla ina gcuimsítear na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha cistiú an Chrannchuir Náisiúnta a soláthraíodh don Roinn Leanaí, Comhionannais, Lánpháirtíochta agus Óige (an RLCMLÓ). Ar an ábhar sin, caithfidh club/grúpa a bhfuil deontas á fháil acu faoin Scéim an Crannchur Náisiúnta agus an RLCMLÓ a aithint mar fhoinse cistithe ar pháipéarachas, foilseacháin agus ábhar promóisin an chlub/ghrúpa.

Féadtar teacht ar lógó an RLCMLÓ ar láithreán gréasáin an RLCMLÓ https://www.gov.ie/en/organisation/department-of-children-equality-disability-integration-and-youth

Féadtar teacht ar lógó an Chrannchuir Náisiúnta ar láithreán gréasáin an Chrannchuir Náisiúnta: www.lottery.ie

## Saoráil Faisnéise

B'fhéidir go mbeidh an fhaisnéis go léir a seoladh ar ais chuig Aonad Gnóthaí Óige an RLCMLÓ agus chuig BOOanna faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014.

## Faisnéis Teagmhála

Chun teacht ar bhreis faisnéise maidir leis an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla ina gcuimsítear na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha – má theastaíonn cabhair uait chun an Foirm Iarratais an SDCÓÁ a chomhlánú, déan teagmháil, le do thoil, le **hOifigeach Óige/Idirchaidrimh do BOO áitiúil (féach Aguisín 1 d'Fhoirm Iarratais na Scéime Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla chun teacht ar shonraí teagmhála ábhartha)**.

# Cuid C

### Nótaí treorach chun tacú le comhlánú na Foirme Iarratais ag an gclub/ngrúpa óige:

**Mír 1: Sonraí faoin gclub/ngrúpa**

1. **Ainm an chlub/ghrúpa:** Iontráil ainm an chlub/ghrúpa:
2. **Áit chruinnithe an chlub/ghrúpa:** Iontráil an seoladh inar gnách don chlub/ghrúpa casadh ar a chéile.
3. **Éirchód an Áitribh:** Iontráil an tÉirchód don seoladh inar gnách don chlub/ghrúpa casadh ar a chéile. Is é Éirchód postchód na hÉireann (féach www.eircode.ie).
4. **Sonraí teagmhála an duine atá freagrach as an iarratas seo:**
   - **Ainm:** ainm iomlán an duine a chomhlánóidh an fhoirm
   - **Post:** a ról laistigh den chlub/ghrúpa
   - **Seoladh:** seoladh poist do chomhfhreagras don chlub/ghrúpa
   - **Éirchód**
   - **Guthán:** uimhir ghuthán póca/líne thalún an duine a bhfuil an t-iarratas á chomhlánú aige/aici thar ceann an chlub/ghrúpa
   - **Ríomhphost:** seoladh ríomhphoist an duine a bhfuil an t-iarratas á chomhlánú aige/aici thar ceann an chlub/ghrúpa
5. **Uimhir Charthanais Chláraithe (UCC)**: Sa chás go meastar gur carthanas club/grúpa, caithfidh sé a bheith cláraithe nó caithfidh go ndearna sé iarratas go gclárófar é leis an Rialtóir Carthanas. Iontráil an UCC RCN ar an bhfoirm.
6. **Má tá do chlub/ghrúpa cleamhnaithe le haon chinn de na hEagraíochtaí Óige Náisiúnta a liostaítear in Aguisín 2 den Fhoirm Iarratais, ba cheart duit ainm na heagraíochta sin a chur san áireamh.** Ar mhaithe le cuspóirí na foirme iarratais seo, is é an sainmhíniú a thugann an RLCMLÓ ar 'Eagraíocht Óige Náisiúnta' ná eagraíocht a bhfuil cistiú ón RLCMLÓ á fháil aici faoin Scéim Deontais do Sheirbhísí Óige (YSGS). Sonraítear na heagraíochtaí seo in Aguisín 2 den Fhoirm Iarratais. Má tá do chlub/ghrúpa cleamhnaithe le hEagraíocht Óige Náisiúnta a liostaítear ansin, tabhair ainm na heagraíochta sin, le do thoil. Mura bhfuil do chlub/ghrúpa cleamhnaithe, scríobh 'N/B', le do thoil.
7. **An bhfuil do chlub/ghrúpa faoi stiúir oibrithe deonacha agus an bhfuil sé bunaithe ar rannpháirtíocht dheonach daoine óga?** I bhfriotal eile, tacaíonn an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla le gníomhaíochtaí agus cláir a reáchtálann daoine fásta a oibríonn le daoine óga, agus caithfidh na daoine fásta seo an obair seo a dhéanamh ar bhonn deonach. (Caithfidh tú freagra 'Tá' nó 'Níl' a thabhairt ar an gceist seo.)
8. **An bhfuil 75% de chomhaltaí do chlub/ghrúpa idir aois 10 agus 21 bliain?** Coinníoll den scéim is ea go mbíonn ar a laghad 75% de bhallraíocht an chlub/ghrúpa idir aois 10 agus 21 bliain.

9. **Tabhair cur síos gearr, le do thoil, ar do chlub/ghrúpa:** Tabhair próifíl ghearr ar na daoine óga a fhreastalaíonn ar an gclub/ngrúpa, an láthair thíreolaíoch ina n-oibríonn an club/grúpa, agus na saghsanna gníomhaíochtaí agus clár a reáchtálann an club/grúpa.

10. **Tabhair sonraí, le do thoil, faoi na príomhghníomhaíochtaí a sholáthraíonn do chlub/ghrúpa faoi láthair:**
- Lá/laethanta
- An t-am/na hamanna ar an lá sin
- An ghníomhaíocht a bhíonn ar siúl ag an am sin
- Cé mhéid duine óg a fhreastalaíonn, ar an meán?
- Cé mhéid oibrí deonach a fhreastalaíonn, ar an meán?
- An láthair ina dtiteann an ghníomhaíocht amach

11. **Tabhair sonraí, le do thoil, ar oibrithe deonacha agus comhaltaí:** Cuir in iúl an líon daoine a chuimsítear i ngach catagóir. **Nóta:** is tábhachtach gan duine a chomhaireamh faoi dhó. Mar shampla, níor cheart duine ata 20 bliain d'aois agus atá ina oibrí deonach a chomhaireamh i mír na gComhaltaí. Ba cheart duit a lua, chomh maith, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon fhoireann íoctha a thacaíonn leis an gclub/ngrúpa.

## Mír 2: Na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha:

Tabhair faoi deara, le do thoil: Riachtanas atá ann go dtuairiscíonn an club/grúpa ar gach gné de na trí Chaighdeán sa mhír seo.

**Caighdeán 1: Sábháilteacht agus folláine**
**<u>Caithfidh</u> roinnt riachtanas a bheith i bhfeidhm chun go mbeidh club/grúpa incháilithe iarratas a dhéanamh ar chistiú. Ní dhéanfar breithniú ar chistiú mura bhfuil A-E i bhfeidhm.**

A. Na ceanglais go léir a leagtar amach san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 **a chomhlíonadh go hiomlán**.Is féidir teacht ar bhreis faisnéise air seo ag www.tusla.ie.
B. **Caithfear grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh ar gach oibrí deonach fásta sa chlub/ghrúpa sula dtosaíonn siad le hobair dheonach a dhéanamh.** Caithfidh go ndearnadh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána do gach duine fásta a oibríonn le leanaí, daoine óga agus daoine fásta leochaileacha.
C. Caithfidh **cumhdach cuí árachais** a bheith i bhfeidhm do ghníomhaíochtaí agus cláir an chlub/ghrúpa.
D. **Caithfidh rochtain a bheith ag oibrithe deonacha ar fhearas garchabhrach agus caithfidh gur féidir leo a bheith in ann é a úsáid i gceart.** Caithfidh fearas garchabhrach a bheith ar fáil i rith gníomhaíochtaí agus cláir chlub/ghrúpa. Caithfidh an fearas garchabhrach a bheith inrochtana ag oibrithe deonacha agus caithfidh stoc a bheith ann.
E. **a**) Sa chás gur leis an gclub/ngrúpa an t-áitreabh, caithfidh sé a dheimhniú go bhfuil Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta iomlán aige, Beartas Sláinte agus Sábháilteachta san áireamh.

**<u>NÓ</u>**

**b)** Sa chás go n-oibríonn an club nó an grúpa ó áitreabh nach leis é, caithfidh gur thug sé aird ar Bheartas Sláinte agus Sábháilteachta an fhoirgnimh agus caithfidh sé a chinntiú go n-oibríonn sé i leith an bheartais sin. Anuas air sin, caithfidh gur chomhaontaigh an club/grúpa ar nósanna imeachta chun éigeandálaí a bhainistiú.

**Limistéir eile a bhfuil breithniú le déanamh orthu:**

F. Próiseas clárúcháin do chomhaltaí an chlub/ghrúpa
G. Foirm thoilithe tuismitheora/caomhnóra (do chomhaltaí club/grúpa faoi 18 mbl.)
H. Foirm thoilithe leighis

Cuir tic sa bhosca san fhoirm iarratais is fearr a léiríonn cleachtas reatha do chlub/ghrúpa. Ba cheart duit ansin samplaí de na próisis a liostáil, más ann dóibh, atá i bhfeidhm agat.

Sa chás nach bhfuil siad i bhfeidhm, nó go bhfuil siad i bhfeidhm go pointe áirithe, ba cheart duit cinneadh a dhéanamh cé acu an cuí nó nach cuí i dtaobh ghníomhaíochtaí do chlub/ghrúpa na próisis seo a chur i bhfeidhm amach anseo.

**Caighdeán 2: Dírithe ar dhaoine óga**

**A. Bíonn baint ghníomhach ag daoine óga** Cuir tic sa bhosca is fearr a léiríonn cleachtas reatha do chlub/ghrúpa. Ba cheart duit ansin samplaí a liostú nó a thabhairt de na gníomhaíochtaí a sholáthraíonn do chlub/ghrúpa a léiríonn conas a bhíonn daoine óga bainteach sa chlub/ghrúpa. Ní gá gur liosta críochnaitheach é seo.

**B. Tá gníomhaíochtaí ar fáil, inrochtana agus cuimsitheach**. Cuir tic sa bhosca is fearr a léiríonn cleachtas reatha do chlub/ghrúpa. Tá ort machnamh a dhéanamh ar conas agus an féidir le daoine óga a bhfuil cúlraí, cumas agus ábhar spéise éagsúil acu teacht ar an gclub/ngrúpa más mian leo amhlaidh a dhéanamh, agus conas a rinneadh seo le bliain anuas.

**C. Déan cur síos, le do thoil, ar limistéar amháin a d'fhorbair do chlub/ghrúpa le bliain anuas maidir le Caighdeán 2.** Sa mhír seo, tuairiscíonn an club/grúpa ar limistéar forbartha amháin, ar a laghad, a bhaineann le Caighdeán 2. Is féidir samplaí de seo a ghlacadh ón gcleachtas le daoine óga agus le hoibrithe deonacha a fhorbairt.

**Caighdeán 3: Forbartha agus oideachasúil**

**A. Clár pleanáilte gníomhaíochtaí** Má tá clár pleanáilte gníomhaíochtaí ag an gclub/ngrúpa i bhfeidhm, tabhair samplaí sa bhosca a sholáthraítear.

**B. Aithnítear agus forbraítear riachtanais, cumas, suimeanna agus acmhainneacht daoine óga.** Tabhair samplaí ar conas a shainaithníonn agus a thacaíonn an club/grúpa le daoine óga trí ghníomhaíochtaí an chlub/ghrúpa.

**C. Aithnítear rannpháirtíocht agus gnóthachtáil daoine óga.** Tabhair samplaí de conas a chuirtear daoine óga san áireamh i gcinnteoireacht agus conas a dhéantar a rannpháirtíocht agus forbairt a cheiliúradh.

**D. Cuirtear tacaíocht agus oiliúint ar fáil do cheannairí deonacha.** Tabhair samplaí ar conas a thacaítear le hoibrithe deonacha agus tabhair samplaí, chomh maith, den oiliúint ábhartha a soláthraíodh.

**E. Déan cur síos, le do thoil, ar limistéar amháin a d'fhorbair do chlub/ghrúpa le bliain anuas maidir le Caighdeán 3.** Tabhair samplaí ar limistéar amháin, ar a laghad, a tugadh isteach le bliain anuas. Is féidir samplaí de seo a ghlacadh ón obair a dhéanann tú le daoine óga agus le hoibrithe deonacha a fhorbairt.

**Limistéir a bheartaítear a fhorbairt**

Ba cheart don chlub/ghrúpa téama/gníomh amháin, ar a laghad, a shainaithint a bhaineann les na trí Chaighdeán a dtabharfaidh sé tús áite dóibh sa bhliain amach romhainn. Ba cheart don téama/ghníomh a shainaithníonn tú cabhrú le reáchtáil an chlub/ghrúpa agus ba cheart dó feabhas a chur ar an eispéireas do dhaoine óga agus do cheannairí fásta oibrí deonacha.

**Mir 4: Sonraí airgeadais**

Áirítear leis an mír seo faisnéis ina dtugtar cuntas ar shonraí an chuntais bhainc ina n-íocfar do dheontas má éiríonn le d'iarratas. Cuimsítear ann teimpléad do chuntas ioncaim agus caiteachais an chlub/ghrúpa don bhliain airgeadais roimhe seo. Caithfidh gach club/grúpa é seo a chomhlánú a dhéanann iarratas ar chistiú. Mar rogha air sin, caithfidh an club/grúpa cóip shínithe de chomhionann féin an chlub/ghrúpa a sheoladh ar aghaidh má sholáthraítear ann an fhaisnéis go léir a theastaíonn.

**Mír 5: Dearbhú agus síniú**

Caithfear a chuimsiú i ngach mír den fhoirm a chomhlánaíonn tú faisnéis reatha agus chruinn.

Leagtar amach ar Leathanach 13 agus 14 san Fhoirm Iarratais sonraí faoin gcomhaontú a bheadh i bhfeidhm má fhaomhann an BOO deontas.